An Roinn Oideachais agus Scileanna
Rannog Oideachais Speisialta
Cor na Madadh
Átha Luain
Co. na hIarmhí

Department of Education and Skills
Special Education Section
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

Imlitir Uimh. 0020/2011

Imlitir chuig Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna ar an bpróiseas Measúnaithe Riachtanas faoin Acht um Míchumas 2005

1. Cúlra

Mar a dtugtar srac-chuntas air in Imlitir 51/2007, tháinig forálacha Chuid 2 den Acht um Míchumas, 2005 i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2007 maidir le daoine faoi cúig bliana d'aois. Faoi na forálacha sin, féadfaidh tuismitheoirí iarratas a dhéanamh ar mheasúnú riachtanas faoin Acht má tá siad den tuairim go bhféadfadh an leanbh a bheith faoi mhíchumas i dtéarmaí an Achta.

Seo mar a shainmhínítear míchumas faoin Acht:

Ciallaíonn "míchumas" i ndáil le duine, sriantacht shubstaintiúil ar chumas an duine gabháil do ghairm, do ghnó nó do shlí bheatha sa Stát nó bheith rannpháirteach i saol sóisialta agus cultúrtha sa Stát mar gheall ar mhallachar seasmhach fisiceach, céadfach, meabhairshláinte nó intleachtúil.

Meastar gurb éard é "sriantacht shubstaintiúil" sriantacht:

(a) atá buan nó ar dóigh é a bheith bhuan, as a leanann deacracht mhór maidir le cumarsáid, foghlaim nó soghluaisteacht nó i bpróisis choigníocha atá ar neamhord mór, agus
(b) arb é is cúis leis an ngá atá le seirbhísí a sholáthar go leanúnach don duine cibé an leanbh é nó nach ea nó, más leanbh an duine, leis an ngá atá le seirbhísí a sholáthar sa luathshaol chun an míchumas a mhaolú.

2. Measúnú ar Riachtanas faoin Acht um Míchumas

Tá cúram ar Oifigigh Mheasúnaithe measúnaithe ar riachtanais a eagrú thar ceann FSS. Ní mór don Oifigeach Measúnaithe measúnú a eagrú ar an leanbh laistigh de thréimhsí gearra reachtúla. Díríonn an measúnú ar riachtanais an linbh agus ní i gcónaí a chomhlíonann an diagnóis critéir na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le leithdháileadh acmhainní. Is é dualgas reachtúil an Oifigigh Mheasúnaithe, ag cur san áireamh an fhianaise chliniciúil atá ar fáil, cinneadh a dhéanamh cibé an gcomhlíonann an leanbh an sainmhíniú ar mhíchumas atá san Acht. Is é an cinneadh sin a chinneann cibé an bhfuil an leanbh i dteideal buntáiste a bhaint as forálacha an Achta.

3. Oideachas agus an tAcht um Míchumas

Faoin Alt 8 (3) den Acht um Míchumas, féadfaidh an tOifigeach Measúnaithe cúnamh a lorg ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) chun riachtanais oideachais an linbh a shainaithint. Aontaíodh próiseas chun teagmháil thráthúil agus freagairt thráthúil a chinntiú idir an CNOS agus FSS.

Déanann an tOifigeach Measúnaithe (FSS) teagmháil leis an gcomhordaitheoir riachtanais speisialta oideachais (CNOS) lena mbaineann nuair a aithnítear riachtanas oideachais le linn an phróisis mheasúnaithe. Cuireann an comhordaitheoir an tOifigeach Measúnaithe ar an eolas mar gheall ar na seirbhísí oideachais a chuirfear ar fáil don leanbh. Bunófar na seirbhísí sin ar na critéir chuí a bhfuil i bhfeidhm ag an am d'oideachas daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, lena n-áirítear measúnú agus idirghabháil de réir an chur chuige atá leagtha síos i dTreoirlínte NEPS – Contanam Tacaíochta – an Leithdháileadh Ginearálta agus na hacmhainní a leithdháiltear ar scoileanna ag an CNOS ar bhonn critéar atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Le cinntiú go mbíonn gach faisnéis agus tacaíochta dá dteastaíonn uathu ag tuismitheoirí, cuirfear sonraí teagmhála an chomhordaitheora riachtanais speisialta ar fáil don Oifigeach Measúnaithe d'úsáid na dtuismitheoirí, má tá siad ag teastáil.

4. An Scoil agus Próiseas an Achta um Míchumas

(i) An rud is ceart a dhéanamh i dtéarmaí idirghabhála roimh Measúnú Riachtanas a mholadh do thuismitheoir
I gcás go dtagann leanbh faoi bhun 5 bliana i láthair mar leanbh a bhfuil deacrachtaí foghlama agus nó iompair, mothúchánach nó sóisialta aige/aici ar scoil, ba cheart do mhúinteoirí cloí leis an gcur chuige i leith measúnú agus idirghabhála atá leagtha síos i dTreoirlínte Chontanam Tacaíochta NEPS chun dul i gceann na riachtanas sin ar an gcéad dul síos.

Ba cheart iarratais ar mheasúnú riachtanas faoin Acht a bheith déanta ag tuismitheoir nó caomhnóir. I gcás ina ndealraíonn sé go bhfuil leanbh faoi bhun 5 bliana faoi mhíchumas mar atá leagtha amach thuas, agus nár measúnaíodh é/í faoin Acht, féadfaidh an príomhoide na tuismitheoirí a chur ar an eolas mar gheall ar an bpróiseas measúnaithe

riachtanas. Tá bileoga faisnéise do thuismitheoirí ar fáil ó Oifigí Áitiúla FSS, i gclinicí dochtúirí teaghlaigh agus in ionaid sláinte áitiúla FSS. Gheofar faisnéis chomh maith ar shuíomh Gréasáin FSS.

Ba cheart príomhoidí a bheith ar an eolas nach cuí dóibh leanbh a tharchur le haghaidh measúnú riachtanas faoin Acht um Míchumas. An tuismitheoirí nó an caomhnóir amháin is ceadmhach an próiseas sin a thionscnamh.

(ii) Freagairt na Scoile i leith dalta tar éis Measúnú Riachtanas a bheith déanta
I gcás go measúnaítear go bhfuil riachtanas speisialta ardmhinicíochta ag leanbh, faoi mar atá leagtha amach in Imlitir ROS 02/05, ba cheart do scoileanna tacú leis an leanbh tríd an tSamhain Ghinearálta Leithdháilte um theagasc acmhainne.

Mar a nótáladh roimhe seo, díríonn measúnú faoin Acht um Míchumas ar riachtanais an linbh agus ní i gcónaí a fhaightear diagnóis a chomhlíonann critéir an ROS maidir le riachtanais oideachais speisialta ísealmhinicíochta.

I gcás inar léir ó na tuairiscí a sholáthair tuismitheoir/í ón bpróiseas measúnaithe riachtanas go gcomhlíonann an leanbh critéir an ROS le haghaidh acmhainní breise i gcás riachtanas speisialta ísealmhinicíochta, féadfaidh an príomhoide iarratas a dhéanamh ar an CNOS faoi mar is gnáth. Mar is amhlaidh i ngach cás, féadfaidh an príomhoide dul i gcomhairle leis an CNOS faoi cibé an gcomhlíonann an leanbh na critéir riachtanacha nó nach gcomhlíonann.

Féadfaidh scoileanna úsáid a bhaint as an fhaisnéis sa tuairisc/sna tuairiscí measúnaithe riachtanas a sholáthair na tuismitheoirí doibh chun difreáil agus/nó tacaíocht teagaisc bhrise a phleanáil, ag brath ar leibhéal riachtanas an linbh. Féadfaidh an scoil dul i gcomhairle le síceolaí NEPS nuair a bhíonn pleanáil ar siúl le haghaidh linbh a bhfuil riachtanais chasta aige/aici.

(iii Cumarsáid)
Aontaíodh idir FSS, an CNOS agus NEPS gurb idir an tOifigeach Measúnaithe agus an t-eagraí riachtanas speisialta is cuí faisnéis a mhalartú faoin Acht. Níl sé cuí, dá réir sin, do phríomhoidí scoile teagmháil dhíreach a dhéanamh le hOifigigh Mheasúnaithe nó le foireann eile de chuid FSS sa mhéid seo. Ba cheart gach ceist mar gheall ar mheasúnú riachtanas nó idirghabháil maidir le leanbh ar leith a chur chuig an gcomhordaitheoir riachtanas speisialta áitiúil.

Gheofar an imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie

Má tá aon cheist agat i dtaobh na himlitreach seo, cuir glao ar an Rannóg Oideachais Speisialta ar 090 648 3747.

Teresa Griffin
Príomhoifigeach